# 23 Cuntais Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (GBCN)

**23.1** Éilítear le hAlt 12 den Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990 (Acht 1990) (arna leasú) ar Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (GBCN) cuntais a choinneáil ar gach airgead a fhaigheann sí agus a chaitheann sí san fhoirm a cheadaigh an tAire Airgeadais (an tAire), agus iad a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena n-iniúchadh. Tar éis an t-iniúchadh a chur i gcrích, ní mór do GBCN na cuntais a chur faoi bhráid an Aire, duine a chaithfidh na cuntais a chur faoi bhráid Thithe an Oireachtais dá éis sin.

**23.2** Ina theannta sin, éilítear le halt 12 d'Acht 1990 ar an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste tuarascáil a thabhairt do Dháil Éireann maidir le cruinneas na suimeanna a luann GBCN ina cuntais gabh bliain. Is í seo an tuarascáil don bhliain 2016 de réir an ailt sin d'Acht 1990.

## Cuntais GBCN, 2016

**23.3** Seo a leanas na cuntais a ndearnadh iniúchadh orthu de bhun alt 12 d'Acht 1990 (arna leasú)

- Fiachas náisiúnta na hÉireann
- Cuntas riaracháin GBCN
- Ráitis airgeadais an Chiste um Banc Taisce an Phoist
- Ráitis airgeadais na Gníomhaireachta um Éilimh ar an Stát
- Ráitis airgeadais Chiste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann.

**23.4** De réir alt 12 d'Acht 1990 (arna leasú), ní mór do chuntais GBCN cuntas a thabhairt ar chostais a tabhaíodh i ndáil lena chuid gníomhaíochtaí i leith

- An Cúlchiste Náisiúnta Pinsean[1]
- An Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní.

**23.5** Tá cuntais GBCN don bhliain 2016 iniúchta. Eisíodh mo thuarascálacha ar na hiniúchtaí ar an 12 Bealtaine 2017. Chuir an tAire cóipeanna de na cuntais, chomh maith le mo thuarascálacha ar na hiniúchtaí, faoi bhráid Thithe an Oireachtais ar an 10 Iúil 2017.

**23.6** Tá mé sásta go bhfuil idirbhearta GBCN don bhliain 2016 agus a iarmhéideanna ag deireadh na bliana curtha i láthair i gceart sna cuntais.

**23.7** Ina theannta sin, déanann GBCN ráitis airgeadais an Chiste um Chuntais Dhíomhaoine a ullmhú de réir an Achta um Chuntais Dhíomhaoine, 2001.[2]

1 Níor thabhaigh GBCN costais i ndáil lena chuid gníomhaíochtaí i leith an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean in 2016.


2 Eisíodh an tuarascáil ar an iniúchadh ar an gCiste um Chuntais Dhíomhaoine ar an 12 Bealtaine 2017.

## Feidhmeanna, róil agus soláthar foirne na Gníomhaireachta

**23.8** Cuireadh GBCN ar bun den chéad uair sa bhliain 1990. Tá sé forbartha ina eagraíocht chasta ó shin i leith, a bhfuil roinnt feidhmeanna aige a bhfuil i bhfad níos mó i gceist leo ná an croíról bunaidh a bhí aige le fiachas náisiúnta na hÉireann a bhainistiú. Tá breac-chuntas tugtha i bhFíor 23.1 ar struchtúr GBCN.

**23.9** Tugann GBCN baill foirne don Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní (GNBS) agus do Chorparáid Baincéireachta Straitéisí na hÉireann (CBSÉ), agus cuireann seirbhísí agus córais ghnó agus tacaíochta ar fáil dóibh chomh maith. Tá a mbord féin ag GNBS agus CBSÉ araon agus tá siad freagrach do Dháil Éireann go leithleach.

**Fíor 23.1 Struchtúr Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta**




Foinse: Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Nótaí:
- a Ullmhaítear ráitis airgeadais ar leith i ndáil le gníomhaíochtaí gach ceann de na feidhmeanna/haonáin seo.
- b I gcás maoiniú Stáit, bainistiú fiachais agus seirbhísí bainistithe cisteáin, ullmhaítear ráitis airgeadais ar leith do Chiste na gCuntas Díomhaoin, don Chiste um Banc Taisce an Phoist agus don fhiachas náisiúnta.
- c Ghlac Ciste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann (CISÉ) ceannas shócmhainní agus dliteanais an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean (CNP) ar láimh in 2014. Leanfar de ráitis airgeadais a ullmhú maidir leis an CNP go dtí go mbeidh gach sócmhainn aistrithe go dleathach chuig CISÉ. Ar an 31 Nollaig 2016, bhí sócmhainní eachtracha arna luacháil ar €0.4 milliún (2015: €1 milliún) fós sa CNP.

### *Maoiniú, fiachas agus bainistiú cisteáin*

**23.10** Faigheann GBCN iasachtaí thar ceann an Státchiste agus déanann fiachas náisiúnta na hÉireann a bhainistiú. Tá sonraí faoi struchtúr an fhiachais náisiúnta agus faoi threochtaí i bhfiachas an Rialtais san áireamh i gCaibidil 2.


**23.11** Comhlíonann GBCN roinnt feidhmeanna bainistithe fiachais agus cisteáin, lena n-áirítear

- oibríochtaí cisteáin do GNBS, CISÉ, CBSÉ agus an Chorparáid Éireannach um Réiteach Banc Teoranta (atá faoi leachtú speisialta) (CÉRB)
- lársheirbhís chisteáin a chur ar fáil do chomhlachtaí Stáit agus d'údaráis áitiúla
- sócmhainní an Chiste um Chuntais Dhíomhaoine[1] agus an Chiste um Banc Taisce an Phoist a bhainistiú.

### *Coigilteas Stáit*

**23.12** Ainm branda is ea Coigilteas Stáit a n-úsáideann GBCN é le cur síos a dhéanamh ar an réimse táirgí coigiltis de chuid Rialtas na hÉireann a chuirtear ar fáil do choigilteoirí pearsanta.  Ba é €17.2 billiún iomlán an choigiltis stáit ag deireadh 2016, méadú 28% i gcomparáid le deireadh 2012.  Tá sé sin ina chuid den ollfhiachas náisiúnta, a bhí cothrom le €196.7 billiún ag deireadh 2016.  Tá léirithe i bhFíor 23.2 Comhdhéanamh na dTáirgí Coigiltis Stáit ag deireadh 2016.

**Fíor 23.2  Comhdhéanamh na dTáirgí Coigiltis Stáit, ag deireadh 2016**




Foinse: Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

**23.13** I mí an Mheithimh 2016, d'fhógair GBCN go raibh táirgí nua coigiltis Stáit le heisiúint agus go n-athrófaí na rátaí úis a íoctar le coigilteoirí (féach Fíor 23.3).

1 Féach freisin Caibidil 7, *An Ciste um Chuntais Dhíomhaoine.*

**Fíor 23.3 Táirgí agus rátaí úis**

| Táirgí | Rátaí úis arna n-athbhreithniú Meitheamh 2016[a] | Na rátaí úis roimhe[a] |
|---|---|---|
| Banna coigiltis 3 bliana | 0.33% | 0.83% |
| Banna dlúthpháirtíochta náisiúnta 4 bliana | 0.5% | 0.99% |
| Cairt choigiltis 5 bliana | 0.98% | 1.24% |
| Tráthchoigiltí 6 bliana | 0.98% | 1.24% |
| Banna dlúthpháirtíochta náisiúnta 10 mbliana | 1.5% | 2.26% |
| Duaisbhannaí | 0.85% | 1.25% |
| Cuntais taisce | 0.15% | 0.25% |

Foinse: Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Nóta: a Ráta coibhéiseach bliantúil (RCB).


### *Scéimeanna ráthaíochta d'fhorais airgeadais*

**23.14** Tá dliteanais incháilithe áirithe atá in institiúidí airgeadais, lena n-áirítear taiscí agus urrúis fiachais suas le cúig bliana in aibíocht, faoi ráthaíocht ag an Aire faoin Scéim um Fhorais Chreidmheasa (Ráthaíocht Dliteanas Incháilithe) 2009 (an scéim). Cheap an tAire GBCN mar oibritheoir na scéime.[1]

**23.15** Éilítear ar gach foras a bhfuil dliteanais faoi ráthaíocht faoin scéim acu táille a íoc. Fuarthas beagnach €47 milliún (2015: €76 milliún) in 2016.[2] Is é Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne Airgeadais atá freagrach as na táillí a fuarthas.

**23.16** Ag deireadh mhí Feabhra 2013, d'fhógair an tAire go scoirfí den scéim i gcomhair dliteanais nua le héifeacht ó mheán oíche ar an 28 Márta 2013. Ag deireadh na bliana 2016, b'ionann na suimeanna a bhí clúdaithe ag an scéim agus thart ar €1.4 billiún. Laghdaigh sé sin go dtí €755 milliún ag deireadh mhí an Mheithimh 2017 (féach Fíor 23.4).

**Fíor 23.4 Dliteanais clúdaithe faoin Scéim Ráthaíochta Dliteanas Incháilithe, deireadh 2010 go 2016, agus deireadh mhí an Mheithimh 2017**




Foinse: An Roinn Airgeadais

1 I.R. Uimh. 490 de 2009.

2 Aithnítear táillí ar bhonn airgid agus faightear go ráithiúil i riaráiste iad. Ba é €42 milliún (2015: €53 milliún) na táillí i leith 2016 ar bhonn fabhraithe.

**23.17** Tar éis leachtú CÉRB i mí Feabhra 2013, rinneadh roinnt éileamh faoin scéim agus, i mí an Márta 2013, tharmlig an tAire tuilleadh feidhmeanna do GBCN.[1]

- éilimh íocaíochta a dheimhniú i leith gníomhas ráthaíochta a cuireadh i bhfeidhm ar an 29 Samhain 2010 maidir le conarthaí díorthacha áirithe a rinne CÉRB
- suimeanna a íoc atá dlite faoin ngníomhas ráthaíochta.

**23.18** Leanann GBCN, mar oibritheoir na scéime, d'íocaíochtaí a phróiseáil faoi na scéimeanna de réir mar a chuirtear éilimh isteach agus mar a dheimhnítear iad. Íocadh amach beagáinín ní ba mó ná €1.1 billiún faoin scéim faoi dheireadh 2016 (féach Fíor 23.5).

**23.19** Tá éilimh de luach iomlán €1,116.5 milliún curtha faoi bhráid comhleachtaitheoirí speisialta CÉRB[2]

- €1,079 milliún arna éileamh ag GBCN i leith íocaíochtaí le sealbhóirí bannaí agus le taisceoirí agus costas [3]
- €37.5 milliún arna éileamh ag an Roinn Airgeadais i leith díorthach.[3]

**23.20** In 2016, d'íoc na comhleachtaitheoirí speisialta an chéad díbhinn (eatramhach), ab fhiú 25% de na creidiúnaithe neamhurraithe uile a glacadh isteach sa leachtú. Fuair an Státchiste thart ar €280 milliún — €270.6 milliún i leith éilimh GBCN, agus €9.4 milliún i leith éileamh na Roinne.

**Fíor 23.5 Íocaíochtaí CÉRB faoi na scéimeanna ráthaíochta um fhorais airgeadais, 2013 go dtí deireadh 2016**

| | 2013 | 2014 | 2015 | 2016 | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| **Cineál na híocaíochta** | **€m** | **€m** | **€m** | **€m** | **€m** |
| Taiscí[a] | 63.9 | 74.6 | 4.5 | 4.2 | 147.2 |
| Sealbhóirí bannaí[a] | 933.8 | — | — | — | 933.8 |
| Díorthaigh[b] | 37.5 | — | — | — | 37.5 |
| **Iomlán na n-íocaíochtaí** | **1,035.2** | **74.6** | **4.5** | **4.2** | **1,118.5** |
| Íocaíocht ó leachtaitheoirí speisialta | | | | | (280.0) |
| **Iarmhéid na n-éileamh amuigh** | | | | | **838.5** |

Foinse: Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Nótaí: a Íocaíochtaí a rinneadh faoin Scéim um Fhorais Chreidmheasa (Ráthaíocht Dliteanas Incháilithe).

b Íocaíochtaí a rinneadh faoi Ghníomhas Ráthaíochta CÉRB.

1 I.R. Uimh. 85 de 2013.

2 D'fhéadfadh sé nach mbeadh na suimeanna a íoctar faoi na scéimeanna mar an gcéanna leis na suimeanna a éilítear ó na comhleachtaitheoirí speisialta mar gheall ar chúrsaí ama agus ar na costais ghaolmhara a éilítear.

3 Bíonn ús iníoctha ar shuimeanna arna n-éileamh ó dháta an éilimh go dtí an dáta a n-íocann na comhleachtaitheoirí speisialta iad.


### *An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát*

**23.21** Déanann GBCN éilimh chúitimh díobhála pearsanta, damáiste maoine agus faillí cliniciúla a bhainistiú thar ceann 'údaráis tharmligthe Stáit' áirithe. Ina theannta sin, tá ról bainistithe riosca aige sa chaoi a dtugann sé comhairle agus cúnamh do na húdaráis Stáit sin cén chaoi nochtadh le héilimh a íoslaghdú. Cuireann sé éilimh chostais tríú páirtí a eascraíonn as binsí fiosrúcháin áirithe faoi chaibidil agus déanann iad a bhainistiú freisin. Agus na feidhmeanna seo á gcomhlíonadh aige, tugtar an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát (GÉS) ar GBCN. Amhail ar an 31 Nollaig 2016, bhí 139 údarás Stáit faoi chúram an GÉS.

**23.22** B'ionann dámhachtainí agus costais éilimh ghaolmhara an GÉS in 2016 agus €256.2 milliún (2015: €219.3 milliún) ar an iomlán. Is féidir na costais sin a fháil ar ais ó na húdaráis ábhartha Stáit a bhaineann leas as seirbhísí an GÉS. Lena chois sin, thabhaigh GBCN luach €19.4 milliún (2015: €15.7 milliún) de chostais riaracháin agus feidhmeanna an GÉS á chomhlíonadh aige. Tá na costais riaracháin sin san áireamh i gcostais riaracháin GBCN agus tá siad gearrtha ar an Lárchiste.

**23.23** Tá méadú suntasach tagtha ar líon na n-éileamh atá á mbainistiú ó 2011 i leith. Ag deireadh 2016, bhí beagnach 8,900 éileamh á mbainistiú, lenar áiríodh thart ar 1,800 éileamh a bhain le hollchaingne (idir ghinearálta agus chliniciúil). In 2016, réitíodh nach mór 2,300 éileamh, méadú 24% i gcomparáid leis an mbliain roimhe (féach Fíor 23.6).

**Fíor 23.6 Éilimh a fuarthas, a réitíodh agus atá á mbainistiú, ag deireadh bliana, 2011 go 2016**





Foinse: Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

**23.24** Tá an costas measta le héilimh a shocrú ag méadú go seasta. Mheas an GÉS gurbh é €2.2 billiún an dliteanas ag deireadh 2016, breis is dhá oiread an dliteanais ag deireadh 2011 (féach Fíor 23.7).

**23.25** Ar cheann de na príomhfhachtóirí a bhí taobh thiar den mhéadú ar an dliteanas measta, ó €1.8 billiún in 2015 go dtí €2.2 billiún in 2016, bhí tionchar an laghdaithe ar an fíor-ráta toraidh dealraitheach, ó 3% go 1% nó 1.5%, mar thoradh ar chinneadh a rinne an Chúirt Uachtarach i mí Feabhra 2017.[1] Fágann sé sin go bhfuil glanluach láithreach níos airde ar shreafaí airgid réamh-mheasta. Measann an GÉS go bhfuil athrú €300 milliún tagtha ar an dliteanas measta amhail an 31 Nollaig 2015 mar thoradh ar an athrú sin.


**Fíor 23.7 Costas measta le gach éileamh amuigh a shocrú, ag deireadh bliana, 2011 go 2016**




Foinse: Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

**23.26** Bhí comhlachtaí san earnáil sláinte (lena n-áirítear FSS agus Tusla) taobh thiar de 87% den dliteanas measta gan réiteach amhail ag deireadh 2016. Bhain 11% le trí earnáil eile (féach Fíor 23.8).

**Fíor 23.8 Cion den dliteanas measta a bhaineann le gach earnáil údaráis Stáit, ag deireadh 2016[a]**




Foinse: Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Nótaí:
a Ní fhaightear 100% nuair a shuimítear na figiúirí de bharr slánú.
b Tá san áireamh faoi 'An Roinn Sláinte' FSS agus éilimh a bhaineann le comhlachtaí atá faoina choimirce, chomh maith le héilimh a bhaineann le Tusla.
c Tá san áireamh faoi 'An Roinn Dlí agus Cirt' agus 'An Roinn Cosanta' Seirbhís Phríosúin na hÉireann, na Fórsaí Cosanta agus a thuilleadh nach iad.

1 Rialaigh an Chúirt gur chóir costas an chúraim amach anseo a áireamh ar fhíor-ráta toraidh 1% agus gur chóir caillteanas airgid amach anseo a ríomh ar fhíor-ráta toraidh 1.5%.

**23.27** I mí Feabhra 2013, cuireadh aonad costas dlíthiúil Stáit ar bun laistigh den GÉS le plé a dhéanamh le costais tríú páirtí a bhí ag eascairt as Binse Mahon, Binse Moriarty agus Binse Smithwick. Cuireadh bonn reachtúil faoi fheidhmeannas costas dlíthiúil an GÉS leis an Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú), 2014 (Acht 2014). In 2015, leag an Rialtas de chúram ar an aonad seo plé a dhéanamh le gach éileamh tríú páirtí ar chostais dhlíthiúla i gcoinne 139 aonán sainithe Stáit.[1]

**23.28** Déanann an GÉS athbhreithniú ar na costais dhlíthiúla a éilíonn ionadaithe dlíthiúla gearánaithe. Mura n-aontaítear na suimeanna arna n-éileamh, cuirtear ar aghaidh chuig an Máistir Fómhais na hArd-Chúirte iad. In 2016, shocraigh an GÉS 284 éileamh ar chostais dhlíthiúla. Socraíodh na héilimh, ab fhiú €49.2 milliún, ar chostas €27.2 milliún (55%). Níor cuireadh aon cheann de na héilimh a socraíodh ar aghaidh chuig an Máistir Fómhais.

### *Bainistiú an Chiste Carbóin*

**23.29** Cuireadh an Ciste Carbóin ar bun de bhun an Achta um an gCiste Carbóin, 2007. Riarann GBCN ceannach na gcreidmheasanna carbóin a bhíonn ag teastáil le dualgais athraithe aeráide na hÉireann a chomhlíonadh tríd an gCiste Carbóin. Tá ceannach creidmheasanna carbóin ar fionraí ó mhí Feabhra 2009. Ag deireadh 2016, bhí sócmhainní arbh fhiú a luach fála agus €90 milliún i seilbh an Chiste Carbóin.

**23.30** Coinnítear cuntais ar leith i gcomhair an Chiste Carbóin agus ní bhíonn siad ina gcuid de chuntais GBCN chun críocha alt 12 d'Acht 1990 (arna leasú). Déantar ráitis airgeadais an Chiste Carbóin a iniúchadh de réir an Achta um an gCiste Carbóin, 2007.[2]

### *NewERA*

**23.31** Cuireadh bonn reachtúil faoi na feidhmeanna de GBCN a bhaineann leis an Údarás um Gheilleagar Nua agus um Théarnamh (NewERA) i mí na Nollag 2014, tráth ar cuireadh tús leis na hailt ábhartha d'Acht 2014.[3]

**23.32** I measc na bhfeidhmeanna NewERA tá comhairle airgeadais agus tráchtála ar réimse saincheisteanna a chur ar fáil d'Aire ábhartha den Rialtas i leith comhlacht ainmnithe atá faoina c(h)úram.[4] Chomh maith leis sin, nuair atá scaireanna nó sócmhainní ag an Aire i gcomhlacht nach bhfuil ainmnithe chun críocha NewERA, nuair atá freagracht ghinearálta air/uirthi as comhlacht, nó nuair atá aon fheidhm aige/aici i ndáil le comhlacht, féadann NewERA seirbhísí cosúla a chur ar fáil i dtaca le comhlachtaí den sórt sin freisin.

**23.33** Chaith GBCN thart ar €5.3 milliún ar ghníomhaíochtaí NewERA in 2016, rud atá nochta go leithleach i gcuntas riaracháin GBCN. Baineann formhór an chaiteachais sin leis na costais oibriúcháin a thabhaigh GBCN le comhairle airgeadais agus tráchtála a chur ar fáil do na hAirí cuí maidir le 74 aighneacht arna ndéanamh ag comhlachtaí tráchtála Stáit. In 2016, bhí i gceist leis sin comhairle a bhain le

- eisiúint bannaí (ESB agus Líonraí Gáis Éireann), saoráidí creidmheasa (Uisce Éireann, Bord na Móna agus Coillte) agus iasachtaí ón mBanc Eorpach Infheistíochta (Coillte)
- buiséid caiteachais caipitil, an chuid ba mhó acu a bhain le sócmhainní líonraí rialaithe leictreachais, gáis agus uisce
- tionscadail caiteachais caipitil ar leith, lena n-áirítear tionscadail infreastruchtúir de chuid Uisce Éireann agus feirmeacha gaoithe comhfhiontair de chuid Coillte.

1 I.R. Uimh. 505 de 2015, an tOrdú um GBCN (Tarmligean Éileamh i gcomhair Feidhmeanna Bainistithe Costas), 2015.

2 Eisíodh an tuarascáil ar an iniúchadh ar an gCiste Carbóin ar an 12 Bealtaine 2017.

3 Cuireadh an tÚdarás um Gheilleagar Nua agus um Théarnamh (NewERA) ar bun ar dtús ar bhonn neamhreachtúil tar éis don Rialtas fógra a dhéanamh i mí Mheán Fómhair 2011.

4 Is iad na comhlachtaí ainmnithe faoi láthair ná Bord Soláthair an Leictreachais, Bord na Móna cpt, Coillte Teoranta, Eirgrid cpt, Uisce Éireann agus aon fhochuideachtaí lena mbaineann nó aon chuideachta ina bhfuil leas ag na comhlachtaí ainmnithe sin.

### *Soláthar foirne don fheidhmeannas córais baincéireachta*

**23.34** Tá Aonad Baincéireachta GBCN ar iasacht ag an Roinn Airgeadais ó mhí Lúnasa 2011 i leith.[1] Ar ordú an Aire, tá GBCN fós ag íoc chostais an Aonaid Baincéireachta, a chuimsíonn costais foirne agus costais áirithe comhairleoirí gairmiúla. Thabhaigh GBCN costais €2.8 milliún in 2016 i ndáil leis an Aonad Baincéireachta, rud atá nochta go leithleach i gcuntas riaracháin GBCN don bhliain 2016. Bhain €394,000 de na costais sin le costais comhairleoirí gairmiúla.

### *Ciste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann*

**23.35** Cuireadh Ciste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann (CISÉ) ar bun i mí na Nollag 2014 de bhun Acht 2014. Aistríodh sócmhainní agus dliteanais an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean (CNP) chuig CISÉ tráth ar cuireadh ar bun é, seachas roinnt sócmhainní agus dliteanas eachtrach a bhfuil plé fós á dhéanamh leo.[2]

**23.36** Amhail an 31 Nollaig 2016, bhí luach €21 billiún de ghlansócmhainní ag CISÉ (2015: €21.9 billiún). Bhí €12.9 billiún (2015: €14 billiún) de na glansócmhainní sa phunann lánroghnach agus €8.1 billiún (2015: €7.9 billiún) sa phunann infheistíochta treoraithe.

- Tá ***punann na n-infheistíochtaí treoraithe*** faoi réir na dtreoraithe a thugann an tAire Airgeadais.[3] Déantar aon ús nó aon ioncam eile a fhaightear i leith na dtaiscí agus/nó na n-urrús atá á gcoinneáil sa phunann threoraithe a aistriú chuig an bpunann lánroghnach agus déanann GBCN iad a choinneáil nó a infheistiú.
- Tá sa ***phunann lánroghnach*** infheistíochtaí a dhéantar de réir na n-alt cuí d'Acht 2014, faoina ndéanann GBCN sócmhainní CISÉ a choinneáil nó a infheistiú ar bhonn tráchtála ar bhealach atá ceaptha le tacú le gníomhaíocht gheilleagrach agus le fostaíocht sa Stát.

#### *Punann na n-infheistíochtaí treoraithe*

**23.37** Amhail an 31 Nollaig 2016, is mar seo a leanas a bhí glansócmhainní na punainne

- Bainc-Aontas Éireann (AIB) – scairsheilbh 99.9% atá luacháilte ar €11.6 billiún (€4.28 in aghaidh na scaire)[4]
- Banc na hÉireann – scairsheilbh 13.9% atá luacháilte ar €1.1 billiún (€0.23 in aghaidh na scaire)
- €215 milliún in airgead tirim atá geallta do Chorparáid Baincéireachta Straitéisí na hÉireann lena iasachtú
- Iasacht €25 milliún do Chorparáid Baincéireachta Straitéisí na hÉireann.

**23.38** I mí an Mheithimh agus mí Iúil 2017, réadaigh an Stát €3.45 billiún nuair a dhíol 29% de na scaireanna in AIB i dTairiscint Phoiblí Thosaigh (TPT). Meastar gurb é beagán níos lú ná €8.5 billiún luach na scairsheilbhe atá fágtha ag an Stát ar an bpraghas a fuarthas sa TPT.

1 I.R. Uimh. 395 de 2011.

2 Ag deireadh 2016, bhí líon beag sócmhainní eachtracha, a luacháladh ar €0.4 milliún, ann nach raibh aistrithe chuig CISÉ go fóill.

3 Foráiltear le hAlt 43 d'Acht 2014 go bhféadfaidh an tAire treoir a thabhairt do GBCN maidir le coinneáil agus bainistiú infheistíochta dírí, aon chearta vótála nó aon chearta eile a ghabhann le hinfheistíocht dhíreach a fheidhmiú, agus diúscairt infheistíochta dírí.

4 Tá tuilleadh eolais faoin scairsheilbh seo le fáil i gCaibidil 3, *Costas na mBeart Cobhsaithe Baincéireachta amhail ag deireadh 2016.*

*An Phunann Lánroghnach*

**23.39** Is é sainordú reachtúil CISÉ infheistíocht a dhéanamh ar bhonn tráchtála d'fhonn tacú le gníomhaíocht gheilleagrach agus le fostaíocht sa Stát. Éilítear ar Bhord GBCN straitéis infheistíochta a chinneadh, a mhonatóiriú agus a athbhreithniú i leith shócmhainní CISÉ i gcomhairle leis an Aire Airgeadais agus leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. I mí Iúil 2015, d'fhoilsigh CISÉ Straitéis Infheistíochta, a bhfuil treo straitéiseach fadtéarmach an Chiste leagtha amach inti. I measc na nithe a bhfuil plé déanta leo tá

- infheistíocht a dhéanamh ar bhonn tráchtála d'fhonn tacú le gníomhaíocht gheilleagrach agus le fostaíocht sa Stát
- leas a bhaint as príomhghnéithe idirdhealaitheacha CISÉ (.i. solúbthacht, tréimhse ama fhadtéarmach, comhpháirtí infheistíochta ceannasach) le hidirbhearta a chumasú nach mbeadh éasca le cur i gcrích seachas sin
- iarracht a dhéanamh 80% a chur i leataobh do dheiseanna infheistíochta a mbeidh 'ardtionchar eacnamaíoch' acu, a ghinfidh breisíocht gheilleagrach le himeacht ama agus nach mbeidh ach méid beag díláithrithe agus marbhualaigh i gceist leo
- feidhm a bhaint as caipiteal le himeacht tréimhse 3 go 5 bliana, de réir mar a bheidh fáil ar dheiseanna infheistíochta tráchtála
- toradh punainne a thuilleamh sa mheántéarma atá níos mó ná meánchostas fhiachas Rialtas na hÉireann
- comh-infheistiú a lorg, nuair is féidir, d'fhonn an leas eacnamaíoch is mó a bhaint as acmhainní CISÉ.

**23.40** Nuair a cuireadh an straitéis infheistíochta i gcrích i lár 2015, comhaontaíodh go ndéanfaí athbhreithniú foirmeálta ar an straitéis tar éis 18 mí agus go mbeadh comhairliúchán leis an Aire Airgeadais agus leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe mar chuid de. Tá an t-athbhreithniú sin ar bun faoi láthair.

**23.41** Thuairiscigh CISÉ toradh 2.9% ar a chuid infheistíochtaí in 2016.

**23.42** Thabhaigh GBCN costais €10.4 milliún (2015: €8.7 milliún) ina ról mar rialaitheoir agus bainisteoir CISÉ in 2016. Níl san áireamh san fhigiúr sin costais oibriúcháin an chiste a íocann CISÉ go díreach.

***An Ghníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais***

**23.43** Agus gníomhaíochtaí áirithe infheistíochta infreastruchtúir á gcomhlíonadh ag GBCN, tugann sé an Ghníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais (an GNFA) air féin. I measc feidhmeanna an GNFA tá feidhmiú mar an comhairleoir airgeadais reachtúil d'údaráis Stáit ar gach tionscadal infheistíochta poiblí ar mhó a luach caipitiúil ná €20 milliún.

**23.44** Ina theannta sin tá an GNFA freagrach as

- tionscadail comhpháirtíochta príobháidí poiblí (CPP) a sholáthar agus a sheachadadh in earnálacha seachas na hearnálacha iompair agus údarás áitiúil[1]
- tionscadail áirithe oideachais a sholáthar go díreach
- seirbhísí bainistíochta conartha a chur ar fáil i dtaca le feidhmiú agus cothabháil scoileanna áirithe CPP
- monatóireacht a dhéanamh ar thionscadal CPP an Ionaid Comhdhála, Baile Átha Cliath faoi chomhaontú seirbhíse.

1 Tá tuilleadh eolais faoi thionscadail CPP atá á soláthar faoi láthair san áireamh i gCaibidil 4 *Léargas Ginearálta ar Chomhpháirtíochtaí Príobháideacha Poiblí.*

**23.45** Seo a leanas na tionscadail a gcuireann an GNFA comhairle ar fáil maidir leo faoi láthair, comhairle airgeadais san áireamh

- tionscadal CPP 'Fuíollábhar ina Fhuinneamh' Bhaile Átha Cliath (athmhaoiniú fiachais)
- tionscnaimh tithíochta sóisialta don Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil
- tionscadal tithíochta faoi thionacht mheasctha ag Gráinseach Chill Chairbre do Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas
- forbairtí tithíochta faoi thionacht mheasctha do Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath
- an tSaotharlann Fóiréinseolaíochta
- tionscadail forbartha scoileanna ar an mbealach traidisiúnta
- an Plean Náisiúnta Leathanbhanda
- tionscadail éagsúla mótarbhealaigh.

**23.46** Lena chois sin, tugann an GNFA cúnamh do thionscadail atá maoinithe go traidisiúnta agus do thionscadail CPP atá ag lorg maoiniú ón mBanc Eorpach Infheistíochta (BEI).

### *An Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní*

**23.47** Mar a bhí i mblianta eile, shann GBCN baill foirne don Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní (GNBS) agus chuir seirbhísí ar fáil di le linn 2016. Thabhaigh GBCN costais €47 milliún (2015: €54 milliún) ina leith sin, rud a athghearradh ar GBCN.[1]

- Tabhaíodh €41 milliún (2015: €47 milliún) i leith costais foirne. Bhain sé sin le baill foirne atá fostaithe ag GBCN go díreach agus baill foirne atá sannta do GBCN (302 ball foirne amhail ar an 31 Nollaig 2016), agus le costas cionroinnte luach saothair na bhfostaithe de chuid GBCN a fheidhmíonn seirbhísí comhroinnte, amhail seirbhísí TF, acmhainní daonna agus airgeadais.
- Thabhaigh GBCN €6 mhilliún (2015: €7 milliún) i leith costais eile thar ceann an GNBS, lena n-áirítear cíos, seirbhísí oifige agus costais chomhairleachta.

**23.48** Coinnítear cuntais ar leith i gcomhair an GNBS agus ní bhíonn siad ina gcuid de chuntais GBCN chun críocha alt 12 d'Acht 1990 (arna leasú).[2]

### *Corparáid Baincéireachta Straitéisí na hÉireann*

**23.49** Cuireadh Corparáid Baincéireachta Straitéisí na hÉireann (CBSÉ) ar bun mar chuideachta i mí Mheán Fómhair 2014 faoin Acht um Chorparáid Baincéireachta Straitéisí na hÉireann, 2014, d'fhonn creidmheas ar ísealchostas a chur ar fáil do ghnóthais bheaga agus mheánmhéide Éireannacha ach cistí a fhoinsiú ó iasachtóirí (agus infheisteoirí) náisiúnta agus idirnáisiúnta.[3]

**23.50** Cuireann GBCN seirbhísí gnó agus tacaíochta, seirbhísí córais, foirne agus cisteáin agus comhairle ar urrúis fiachais agus iasachtaí ar fáil do CBSÉ. Thabhaigh GBCN costais €4.2 milliún i leith na seirbhísí sin a chur ar fáil in 2016 (2015: €3.6 milliún), rud a athghearradh ar CBSÉ.[4]

**23.51** Coinnítear cuntais ar leith i gcomhair CBSÉ agus ní bhíonn siad ina gcuid de chuntais GBCN chun críocha alt 12 d'Acht 1990 (arna leasú).[5]

1 B'ionann costais riaracháin an GNBS agus €80 milliún in 2016 (€112 milliún in 2015).

2 Eisíodh an tuarascáil ar an iniúchadh ar an GNBS ar an 28 Aibreán 2017.

3 Tugtar sainmhíniú ar ghnóthais bheaga agus mheánmhéide de réir Alt 2 de Mholadh CE 2003/361/CE (an 6 Bealtaine 2003).

4 Alt 10 den Acht um Chorparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann, 2014.

5 Eisíodh an tuarascáil ar an iniúchadh ar CBSÉ do 2016 ar an 13 Aibreán 2017.

### *Bogadh na Ceannoifige chuig Cé an Phoirt Thuaidh*

**23.52** An 11 Eanáir 2017, rinne GBCN comhaontú le hoifig nua a léasú agus socruithe gaolmhara eile a dhéanamh ag Cé an Phoirt Thuaidh i mBaile Átha Cliath. Tá súil ag GBCN bogadh isteach chuig an bhfoirgneamh nua go luath in 2019 agus tá ag breathnú ar roghanna éagsúla maidir leis na léasanna atá aige faoi láthair.

**23.53** Mairfidh na léasanna atá ag GBCN ag an nóiméad i leith a oifigí reatha go dtí 2017, 2026 agus 2027. Ba é €2.8 milliún an t-ollchostas bliantúil cíosa faoi na léasanna sin in 2016.

## Dáileadh foirne

**23.54** Bhí 782 (2015: 781) ball foirne ag GBCN ag deireadh 2016. Tá leagtha amach i bhFíor 23.9 sannadh baill foirne d'fheidhmeanna agus do ghníomhaíochtaí éagsúla ag deireadh bliana 2012 go 2016.

**Fíor 23.9 Dáileadh foirne GBCN ag deireadh bliana, 2012 go 2016**

| | 2012 | 2013 | 2014 | 2015 | 2016 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Aonaid Ghnó GBCN** | | | | | |
| Maoiniú agus bainistiú fiachais | 14 | 15 | 19 | 21 | 20 |
| Ciste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann | 13 | 15 | 33 | 36 | 41 |
| An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát | 69 | 77 | 91 | 109 | 128 |
| NewERA | 12 | 13 | 14 | 19 | 19 |
| An tAonad Baincéireachta (sa Roinn Airgeadais) | 12 | 14 | 13 | 12 | 13 |
| An Ghníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais | 44 | 52 | 63 | 60 | 61 |
| **Feidhmeanna corparáideacha GBCN** | | | | | |
| Airgeadas, teicneolaíocht agus oibríochtaí | 73 | 95 | 112 | 121 | 125 |
| Dlí, comhlíonadh, AD agus iniúchadh inmheánach | 21 | 24 | 22 | 33 | 35 |
| Riosca | 12 | 15 | 14 | 18 | 20 |
| Eile | 6 | 6 | 6 | 2 | 2 |
| **Fo-iomlán** | **276** | **326** | **387** | **431** | **464** |
| **Comhlachtaí tacaithe** | | | | | |
| An Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní | 224 | 331 | 369 | 341 | 302 |
| Corparáid Baincéireachta Straitéisí na hÉireann | — | — | 3 | 9 | 16 |
| **Iomlán** | **500** | **657** | **759** | **781** | **782** |

Foinse: Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta